# Pleanáil Ghnó

***Fion****traí*, 24 Samhain, 2006

# An chéad chéim – Sreabhadh airgid fortheilgthe

- Go minic, tá fiontraithe den tuairim má tá an infheistíocht tosaigh acu go dtiocfaidh siad slán.

- Ní hamhlaidh a bhíonn! Is gá an sreabhadh airgid a fhortheilgeadh.

- Ba chóir anailís cnámhscéil (scenario) a dhéanamh (Ní mar a shíltear a bítear!)

- Ní féidir bheith ullmhaithe do gach féidearthacht, ach tá an *próiseas* fíorthábhachtach.
  - Duit féin.
  - D'iasachtóirí

# Sreabhadh airgid fortheilgthe (ar lean)

- Sreabhadh airgid thirim an rud is tábhachtaí  (ní brabús!)
- **Is féidir le gnó neamhbhrabúsach maireachtáil, fhad agus atá airgead tirim ann chun na hoibleagáidí  a chomhlíonadh
- Sreabhadh airgid thirim an-tábhachtach muna bhfuil cistí agat (financial slack).
- Ná déan dearmad faoi do thuarastal féin!

# Réamhaisnéis ar shreafaí airgid tirim

- <u>Insreafaí Airgid Thirim:</u>

  - Díolachán ar airgead tirim – bí chomh réadúil agus is féidir. Tóg coinníollacha eacnamaíochta san áireamh (ráta boilscithe, rátaí úis). Ná dearmad na hiomaitheoirí.
  - Díolachán creidmheasa – ná dearmad na drochfhiacha dóchúla

  - Insreafaí eile airgid – deontais, cothromais inmhéanacha /seachtrach, díol sócmhainní.

# Réamhaisnéis ar shreafaí  airgid thirim

- Eis-sreafaí  Airgid Thirim:
  - Eis-sreafaí a bhaineann le díolachán – íocaíocht do sholáthraithe, tuarastail, margaíocht, dáileachán, srl.
  - Forchostais – leictreachas, teileafón, cíos, srl.
  - Costais neamhthrádála – ceannach sócmhainní, ús ar iasachtaí,

- Anailís ar na costais dóchúla:
  - Costais seasta: cíos, árachas, tuarastail, muirear dímheasa, srl.

  - Costais athraitheacha: amhábhair / costas na n-earraí díolta,

# An Cinneadh Infheistíochta – An sreabhadh airgid fhortheilgthe

Beidh leagan amach an tsreafa airgid fhortheilgthe cosúil leis an gceann thíos :

| | *Eanáir* | *Feabhra* | *Márta* | *Iomlán* |
|---|---|---|---|---|
| Iarmhéid tosaigh bainc (A) | | | | |
| <u>*Insreafaí*</u> | | | | |
| Airgead ón díolachán | | | | |
| Airgead ó fhéichiúnaithe | | | | |
| CBL (glan aisíocaíocht) | | | | |
| Deontas | | | | |
| Insreafaí eile | | | | |
| Díolachán sócmhainní | | | | |
| Caipiteal | | | | |
| INSREAFAÍ IOMLÁNA (B) | | | | |

| | *Eanáir* | *Feabhra* | *Márta* | *Iomlán* |
|---|---|---|---|---|
| *Eis-sreafaí* | | | | |
| Íocaíochtaí do sholáthraithe | | | | |
| Íocaíochtaí airgid thirim | | | | |
| Tuarastail/Tarraingt | | | | |
| ÍMAT/Árachas/Cáin chorparáide | | | | |
| CBL (glaníocaíocht) | | | | |
| Cíos | | | | |
| Rátaí | | | | |
| Leictreachas | | | | |
| Teileafón | | | | |
| Seirbhísí gairmiúla | | | | |
| Costais ghinearálta | | | | |
| Caiteachas Caipitiúil | | | | |
| Ús agus aisíocaíochtaí | | | | |
| Íocaíochtaí eile | | | | |
| IOMLÁN NA nEIS-SREAFAÍ (C) | | | | |
| Iarmhéid deiridh bainc<br>(A) + (B) - (C) | | | | |

# Ráiteas Ioncaim Fortheilgthe

| **Bliain** | |
|---|---|
| Méid an táirgeadh | A |
| Praghas an aonaid táirgthe | B |
| Láimhdeachas | C=A*B |
| Costas an aonaid táirgthe | D |
| Costais Athraitheacha Iomlán | E=A*D |
| Brabús Comhlán | F=C-E |
| Forchostais | G |
| Muirear Dímheasa | H |
| Brabús Glan | I=F-G-H |
| Ús | J |
| Brabús Glan i ndiaidh ús | K=I-J |
| Cáin corparáide | L |
| Brabús Glan i ndiaidh ús agus cáin | M=K-L |
| Díbhinní | N |
| Brabús Aisinfheistithe | O=M-N |


# Clár Chomhardaithe Fortheilgthe

| | |
|---|---|
| *Sócmhainní Seasta* | |
| Sócmhainní Seasta | A |
| Muirear Dímheasa | B |
| Glan-iomlán na Sócmhainní Seasta | C=A-B |
| *Sócmhainní Reatha* | |
| Fardal | D |
| Féichiúnaithe | E |
| Airgead tirim | F |
| Iomlán na Sócmhainní Reatha | G=D+E+F |
| *Fiachais Reatha* | |
| Creidiúnaithe | H |
| Rótharraingt | I |
| Iomlán na bhFiachais Reatha | J=H+I |
| *Glanchaipiteal Oibre* | K=G-J |
| *Glaniomlán na Sócmhainní* | L=C+K |

**á mhaoiniú ag**

| | |
|---|---|
| *Scairchaipiteal* | |
| Scairchaipiteal | M |
| Brabús Athinfheistithe Iomlán | N |
| Scairchaipiteal Iomlán | P=M+N |
| Iasacht Fad-téarmach | Q |
| Iomlán na bhFiachais Fad-Téarma | R=P+Q |

# Clár Chomhardaithe Fortheilgthe (ar lean)



# An Pointe Meá ar Mheá

- Uirlis pointe meá ar mheá ar fáil ag
  - http://hbswk.hbs.edu/archive/1262.html (Harvard)
  - http://connection.cwru.edu/mbac424/breakeven/BreakEven.html (Case Western Reserve)
- Ag áireamh an phointe meá ar mheá:
- Corrlach cion tairbhe = Praghas Díola - Costais Athraitheacha Táirgthe
- An Pointe Meá ar Mheá = Costais Sheasta ÷ Corrlach cion tairbhe


# An Pointe Meá ar Mheá - Eiseamláir

- Costas athraitheach an aonaid: € 2.50
- Costas Seasta: € 500
- Díolachán fortheilgthe: 250 aonad
- Praghas an aonaid: € 5

- Corrlach cion tairbhe = €5 - €2.50

- Pointe meá ar mheá : € 500 ÷€2.50 = 200 aonad

# An Cinneadh Infheistíochta – An pointe Meá ar Mheá



# Nóta faoi chostais

- Go traidisiúnta
  - Costaisí  athraitheacha – bainteach le táirgeadh na n-earraí / seirbhisí
  - Costais  sheasta – neamhspléach ar an leibhéal táirgíochta
- I gnólachtaí  beaga agus meanmhéide, níl an t-idirdhealú chomh soiléir
  - Líon fostaithe seasta, pé  leibhéal táirgíochta atá agat.
  - Costais sheasta seasta go pointe!
- **Níl gaol idir praghas do tháirge / seirbhís agus an méid a chosnaíonn sé ort an táirge/seirbhís a cur ar fáil.
- Eacnamaíocht nua-chlasaiceach – Deimhníonn soláthar agus éileamh cén praghas atá ar d'earra.
- Tuige sin, is ceist margaíochta é.

# An Pointe Meá ar Mheá - Aisghabháil Forchostais

- Cad é an t-íosphraghas is gá a ghearradh le bheith meá ar mheá?
- Dhá chinéal éagsúla córais:
- Bunaithe ar:
- Táirgeadh
- Íoschostas Táirge = Costais Athraitheacha + Costais Sheasta
- Díolachán Measta d'Aonaid sa Bhliain
- Saothar:
- Íosráta san Uair = Ráta an Fhostaí san Uair + Costais Sheasta
- Uaireanta Táirgthe Measta
- Go teoiriciúil, ba chóir táirgeadh de réir
- Ioncam Imeallach > Costas Imeallach

# Nóta eile faoi chostais

- **Costais Bháite**

- Ní féidir costais bháite a aisghabháil. Dá bhrí sin, níor chóir go mbeadh tionchar ar bith acu ar chinneadh infheistíochta.

- Measann daoine go minic nach ceart breis airgid a infheistiú i dtionscadal más amhlaidh gur chaill an tionscadal sin airgead le tamall anuas. Ní hé sin an bunús ceart chun breithmheas a dhéanamh ar an infheistíocht bhreise : is cóir iniúchadh a dhéanamh ar an mbreis airgid a eascróidh as an tionscadal de bharr na hinfheistíochta breise.

- Measann daoine eile nach ceart ligean do thionscadal bás d’fháil toisc gur infheistíodh méid mór airgid ann roimhe sin. Arís, tá dallamullóg orthu. Is cuma faoin méid a infheistíodh cheana agus faoi mhéid an chaillteanais. Murar fiú breis infheistíochta a dhéanamh de bharr na  breise airgid a eascróidh as an tionscadal, is ceart deireadh a chur leis an tionscadal.

# Nóta eile faoi chostais (ar lean)

- **Deischostais**

- Fiú murar gá duit íoc astu, is minic gur chóir costais acmhainní a úsáidtear i dtionscadal a chur san áireamh. Ní gá duit íoc astu toisc gur íocadh astu cheana : ní ionann sin is a rá nár chóir iad a chur san áireamh. Tá deischostais ag dul leo - is é méid na ndeischostas ná an méid airgid a chruinneofaí dá ndíolfaí iad.

- Má tá tú ag baint feidhme as do gharáiste ag bun do ghairdín mar cheanncheathrú le haghaidh gnó atá ar bun agat, ba cheart an t-airgead a ghnóthófá dá ligfeá an garáiste ar cíos a ghearradh i gcoinne an tionscadail agus tú ag déanamh breithmheasa ar an infheistíocht. Murach go raibh an tionscadal ar bun agat, d'fhéadfá an garáiste a ligean ar cíos.

- Más gá duit airgead a infheistiú i dtionscadal, ní leor gur féidir leis an tionscadal an pointe meá ar mheá a bhaint amach. Ní mór don tionscadal <u>ar a laghad</u> an méid céanna brabúis a ghnóthú agus an t-ús a ghnóthódh an t-airgead a d'infheistigh tú dá gcuirfeá i dtaisce é. (Toisc go bhfuil riosca i bhfad níos mó ag dul le hinfheistíocht i dtionscadal seachas i gcuntas taisce, ba chóir níos mó i bhfad a ghnóthú.)

# Bainistiú Glanchaipiteal Oibre

- Cistí  infheistithe i sócmhainní  gearrthéarmacha an ghnó
- Fardal – ag brath ar an gcinéal gnó
- Glanchaipiteal oibre: An difríocht idir sócmhainní gearrthéarmacha agus fiachais ghearrthéarmacha
- **Leachtacht vs dóthain fardal
- Baol: Tearc-chaipitliú agus róthrádáil.

# Polasaí  Glanchaipiteal Oibre

- Cinntí  faoi teaglaim sócmhainní, idir seasta agus reatha, agus cistiúcháin idir ghearrtéarmach agus fhadtéarmach

- Polasaí  ionsaitheach
  - Sócmhainní  gearrthéarmacha sealdacha agus roinnt sóc. gearrthéarmacha seasta maoinithe ag cistí  gearrthéarmacha
- Polasaí  coimeádach
  - Maoinithe ag cistí fadtéarmacha
- Polasaí  comhoiriúnaithe
  - Prionsabal fálaithe nó polasaí  féinleachtaithe

# Polasaí  Glanchaipiteal Oibre

- Cá fhad a thógann sé an caiteachas ar earraí  agus  ar sheirbhisí  a thiontú go sreabhadh airgid thirim ?
- Bainistíocht fardail
- Luacháil fardail
  - Tús isteach – tús amach
  - Deireadh isteach – tús amach

# Polasaí  Glanchaipiteal Oibre

- Smacht ar fhardal
- An riail ’80/20’

- Samhail chainníocht ord eacnamaíoch
- Foshuíomh – go bhfuil an t-éileamh bliantúil ar eolas agus neamhathraithe

- EOQ – cainníocht ordaithe
- D – líon úsáid (aonaid) sa tréimhse
- S – costas orduithe sa tréimhse
- Ic – costas ordú a dhéanamh